



2022/0212(BUD)

6.10.2022

TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuig an gCoiste um Buiséid

ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais
2023 – na ranna uile
(2022/0212(BUD))

Rapóirtéir don tuairim: Morten Løkkegaard

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á thabhairt chun suntais gur gá leanúint de thacaíocht a thabhairt d'earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha agus do thionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, chomh maith leis an earnáil spóirt, atá thíos le paindéim COVID-19 agus leis na héifeachtaí diúltacha fadtréimhseacha a bhaineann léi, agus gur gá aghaidh a thabhairt go práinneach ar na tosaíochtaí nua a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin, go háirithe trí thacaíocht a mhéadú d'fhoghlaimoírí, do mhúinteoirí, d'ealaíontóirí, d'oibrithe cultúrtha, d'iriseoirí agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) na hÚcráine;
2. á chreidiúint, ina leith sin, gur cheart go ndéanfaí foráil i mbuiséad an Aontais do mhéadú suntasach de EUR 200 milliún ar Chlár Erasmus+ 2023 le hais an dréachtbhuiséid maidir le leithdháiltí an chláir, ionas gur féidir leis na córais oideachais agus oiliúna dul i ngleic leis na dúshlán nua agus gur féidir le foghlaimoírí, múinteoirí, scoileanna, eagraíochtaí don óige agus ENRanna tairbhe a bhaint as acmhainní leormhaithe; á chreidiúint, thairis sin, go n-áirithítear le méadú buiséadach go leanfar de ghlású agus de dhigiteáil Chlár Erasmus+ chomh maith le bearta cuimsiúcháin breise chun lamháil don rannpháirtíocht i measc Eorpaigh óga faoi mhíbhuntáiste agus i measc tuilleadh foghlaimoírí; thairis sin, á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go n-áirithítear tacaíocht iomchuí don athneartú ar Thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, chomh maith le feidhmiú cuí na gcomhghuaillíochtaí atá ann cheana agus machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ i bhfianaise glaonna nua ar thograí;
3. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán cláir an Aontais i réimsí an chultúir agus an oideachais in 2023; á athdhearbhú gur gá a áirithiú go bhfuil na cláir go léir ar fud na hEorpa inrochtana, go háirithe d'eagraíochtaí beaga, do dhaoine leochailacha agus do dhaoine ó cheantair iargúlta, tuaithe agus scoite; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit digiteáil chóir agus chothrom a lorg le haghaidh na gclár agus na dtionscadal éagsúil atá ag an Aontas ionas go mbeidh gach duine in ann bheith rannpháirteach;
4. á chur i bhfios go láidir, sa bhreis air sin, a thábhachtaí atá tacaíocht airgeadais d'imeachtaí cuimsitheacha lena gcuirtear infheictheacht daoine faoi mhíchumas chun cinn sa chultúr agus sa spórt, amhail na Cluichí Oilimpeacha Speisialta Domhanda i 2023;
5. ag meabhrú gealltanais na gcomhreachtóirí oidhreacht fhadtéarmach Bhliain Eorpach na hÓige 2022 a áirithiú chomh maith trí mhaoiniú leormhaith ó chláir ábhartha an Aontais a shainnaint le haghaidh imeachtaí leantacha sna blianta ina dhiaidh sin. á thabhairt chun suntais gur gá don Choimisiún tuairisciú go tráthúil don Pharlaimint maidir le torthaí Bhliain Eorpach na hÓige 2022;
6. á iarraidh, sa bhreis air sin, agus i gcomhréir le moltaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, go ndéanfaí príomhshrúthú na hÓige a chur chun cinn ar fud gach beartas de

chuid an Aontais agus oideachas saoránachta a fheabhsú trí athneartú a dhéanamh ar chláir agus ar thionscadail an Aontais lena dtugtar tacaíocht oideachais faoin Aontas;

7. ag tabhairt dá haire go bhfuil earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta agus earnáil an spóirt fós thíos le hiarmhairtí phaindéim COVID-19; á chur i bhfios, chomh maith le tionchar na paindéime, go bhfuil dúshlán nua ag na hearnálacha sin amhail méadú ar an mboilsciú, méadú ar chostais fuinnimh agus an chailliúint gaolmhar ar chumhacht cheannaigh i measc shaoránaigh na hEorpa; á chur i bhfios, thairis sin, go bhfuil an staid ag éirí níos measa de bharr an chogaidh san Úcráin; á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí borradh faoi Chlár Eoraip na Cruthaitheachta chun tacaíocht spriocdhírithé a sholáthar d'earnálacha agus do thionscail na cruthaitheachta, lena n-áirítear na taibhealaíona; á áitiú, dá bhrí sin, gur gá méadú EUR 40 milliún a dhéanamh ar na leithdháiltí do Chlár Eoraip na Cruthaitheachta le hais an dréachtbhuiséid;
8. á chur i bhfáth gur gá ciste breise a chur ar fáil do ghníomhaíocht an Aontais maidir le 'Príomhchathracha Cultúir na hEorpa', toisc go léiríonn sé breisluach den scoth le haghaidh shoचाई na hEorpa, agus toisc go bhfuil COVID-19 agus méadú ar an mboilsciú tar éis na dálaí creata a dhéanamh níos measa maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochta sin;
9. ag tabhairt dá haire gurb ann i gcónaí saincheist na bréagaisnéise, cúbláil ar thuairimí an phobail agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, atá ag baint an bhoinn ó fheidhmiú próiseas daonlathach; ag cur béim, dá bhrí sin, ar an ngá práinneach atá le tuilleadh cistithe chun tacú leis an iriseoireacht neamhspleách agus le saoirse chun tuairimí a nochtadh agus an bhréagaisnéis á comhrac ag an am céanna; á áitiú, ina leith sin, gur cheart an buiséad do Shnáitheanna Trasearnála agus Meán faoi Chlár Eoraip na Cruthaitheachta a threisiú le EUR 10 milliún agus EUR 12 mhilliún faoi seach i gcomparáid leis an dréachtbhuiséad, agus á athdhearbhú gur gá féachaint an bhféadfaí ciste buan eagarthóireachta agus meán nuachta de chuid an Aontais a chur ar bun chun tacú le clúdach eagarthóireachta neamhspleách, chun neamhspleáchas iriseoirí agus iriseoireachta na hEorpa a choimirciú, agus saoirse an phreasa a ráthú;
10. á mheas, sa chomhthéacs sin, thar an athneartú atá beartaithe do Chlár Eoraip na Cruthaitheachta agus maidir leis na dúshlán a bhaineann leis an mbréagaisnéis i mbeartas seachtrach an Aontais, gur gá tacú leo siúd atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí seiceála fíricí; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí leithdháileadh breise EUR 1 mhilliún ar an líne bhuiséid maidir le 'Beartas faisnéise agus cumarsáid straitéiseach le haghaidh gníomhaíocht sheachtrach';
11. á chreidiúint go bhfuil gá le hathneartú ar Chlár an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh chun tacú le daoine óga agus le heagraíochtaí atá i mbun gníomhaíochtaí dlíthpháirtíochta, agus iarmhairtí an chogaidh san Úcráin á gcur san áireamh freisin;
12. á mheabhrú a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí rannpháirtíochta na saoránach, lena n-áirítear nascadh bailte agus cuimhneachán, le haghaidh na síochánaíochta san Eoraip; á mheas, ina leith sin, gur gá EUR 2 mhilliún breise a leithdháileadh i gcomparáid leis an dréachtbhuiséad le haghaidh shraith 'Ról agus Rannpháirtíocht na Saoránach' de chuid an Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna;

13. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí ilmheán a chistiú, arb é is aidhm dóibh faisnéis neamhspleách a bhaineann le topaicí Eorpacha a sholáthar, lena dtreísítear, ar an gcaoi sin, prionsabail dhaonlathacha na hEorpa; ag cur béim, ina leith sin, ar an ngá atá le cobhsaíocht fhadtéarmach do líonraí a fhaigheann tacaíocht ón líne bhuiséid ‘gníomhaíochtaí Ilmheán’ chun iriseoireacht chomhsheasmhach ardcháilíochta a ráthú; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, go bhfuil gá le glaonna oscailte ar thograí lena ráthaítear cistiú fadtéarmach agus leordhóthanach le haghaidh clúdach neamhspleách iriseoireachta ar ábhair Eorpacha;
14. á chur i bhfios go láidir, ina theannta sin, go bhfuil gá le trédhearcacht fheabhsaithe agus le hathbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas an Aontais ar ghníomhaíochtaí ilmheán chun cobhsaíocht, intuarthacht agus grinnscrúdú na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú;
15. á áitiú go bhfuil gá le cistiú cuí agus leordhóthanach le haghaidh an tionscnaimh Bauhaus Eorpach Nua a seoladh in 2021 chun go mbeidh ar a chumas a chuspóirí a bhaint amach agus a chur i gcrích tar éis 2022, agus á mheabhrú nár cheart é a chistiú chun aimhleasa Chlár Eoraip na Cruthaitheachta; á mheabhrú, ina leith sin, seasamh Pharlaimint na hEorpa maidir le hathbhreithniú meántéarmach fíor-riachtanach agus mear ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 chun freagairt d’iarmhairtí fadtéarmacha na géarchéime reatha, chun bealaí a lorg freisin chun cistiú tiomnaithe fadtéarmach a bhunú le haghaidh an tionscnaimh Bauhaus Eorpach Nua agus an Limistéir Eorpaigh Oideachais;
16. á iarraidh, thairis sin, go ndéanfaí suim bhreise EUR 50 milliún ón gClár Fís Eorpach a thiomnú don Tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua chun tionscadail nithiúla a mhaoiniú; á iarraidh, ina theannta sin, go gcuirfí tús le gníomhaíocht chomhordaithe agus tacaíochta in 2023 chun ullmhúchán a dhéanamh do sheoladh Mhisean an chlár*** Fís Eorpach maidir leis an Bauhaus Nua Eorpach in 2025;
17. ag cur i gcoinne sheasamh na Comhairle ciorrú foriomlán EUR 16 mhiliún a mholadh do na trí líne bhuiséid atá faoi shainchúram Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, agus go háirithe laghdú EUR 8 milliún ar líne na seirbhísí feidhmiúcháin agus corparáideacha ar ghníomhaíochtaí cumarsáide; ag moladh, dá bhrí sin, leibhéal na ngealltanais agus na leithreasuithe íocaíochta don bhliain airgeadais 2023 a athbhunú d’fhonn leanúnachas príomhghníomhaíochtaí cumarsáide a áirithiú, lena n-áirítear faireachán ar na meáin, forbairt leanúnach ar shuíomh gréasáin Europa, an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise, tionscnaimh rannpháirtíochta na saoránach agus for-rochtain áitiúil;
18. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ról gníomhach a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus don tsochaí shibhialta i bhforbairt agus i gcur chun feidhme chlár an Aontais;
19. á chur i bhfios a thábhachtaí atá treoirhionscadail agus réamhbhearta faoi chuimsiú bhuiséad an Aontais agus á mheabhrú gur gá maoiniú a áirithiú do na tograí ardcháilíochta cothromaithe arna dtíolacadh ag an Coiste um Chultúr agus um Oideachas;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	3.10.2022
Toradh na vótála críochnaithí	+: 24 -: 1 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Asim Ademov, Andrea Bocskor, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Romeo Franz, Catherine Griset, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Niklas Nienaß, Peter Pollák, Diana Riba i Giner, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Maria Walsh, Milan Zver
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Loucas Furlas, Martina Michels, Salima Yenbou

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

24	+
ECR	Andrey Slabakov
NI	Andrea Bocskor
PPE	Asim Ademov, Loucas Fourlas, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Maria Walsh, Milan Zver
RENEW	Laurence Farreng, Irena Joveva, Monica Semedo, Salima Yenbou
S&D	Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Massimiliano Smeriglio
GRÚPA NA CLÉ	Niyazi Kizilyürek, Martina Michels
VERTS/ALE	Romeo Franz, Niklas Nienaß, Diana Riba i Giner

1	-
ID	Catherine Griset

1	0
ID	Gianantonio Da Re

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh